

Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige

Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

21 BEALTAINNE 2020



COMÓRTAS REATHA NA GAELTACHTA

Tá Comórtas Reatha na Gaeltachta, atá á eagrú idir na Limistéir Pleanála Teanga sa tír ar fad, faoi lán tseoil le breis is seachtain anuas anois agus tá ag éirí go hiontach leis. Tá slua mór dínín i limistéir Chois Fharraige páirteach ann - breis is leathchéad duine - ag siúl agus ag rith chuile lá agus muid ar ár ndícheall!



BOGADH NA MBAILTE

Tháinig Cumann Lúthchleas Gael Micheál Bhreathnach, Cumann Sacair Chois Fharraige agus Cumann Liathróid Láimhe Micheál Bhreathnach le chéile le deireanaí le airgead a bhailiú ar son Molli de Búrca, Ros Muc, a rugadh agus SMA Spinal Muscular Atrophy Type 1 uirthi, a chiallaíonn go mbeidh costais leighis shuntasacha i gceist dá muintir. Tháinig pobal Chois Fharraige le chéile, ó Bhothúna go Ros a' Mhíl ag siúl nó ag rith ar a son, ar an Domhnach 10ú Bealtaine. Bailíodh beagán le cois €13,000 agus bhí breis is ceithre chéad clann páirteach ann. Comhghairdeas le chuile dhuine a ghlac páirt!

COMÓRTAS DRÁMAÍOCHTA

Tá *Fíbín*, i gcomhar le *RTÉ Raidió na Gaeltachta* agus *An Taibhdhearc* ag reáchtáil comórtas drámaíochta i gcuimhne ar laoch mór lítríochta Chois Fharraige, Joe Steve Ó Neachtain, nach bhfuil i bhfad imithe uainn, beannacht Dé leis. Gearrdhrámaí Gaeilge atá uathu, a léiríonn stíl nua-aimseartha, bunaithe ar eachtraí stairiúla na hÉireann. Moltar gur deich nóiméad ar fhad a bheadh na drámaí, le cláir de bheirt nó triúr carachtar. Léireoidh *Fíbín* an dráma is fearr, sa *Taibhdhearc* i nGaillimh agus craolfar ar *RTÉ Raidió na Gaeltachta* é freisin. Glacfar le hiarratais suas go dtí Dé hAoine 22 Bealtaine. Tuilleadh eolais: rte.ie/rnag


OÍCHE MAIDHC OSCAILTE

Tá oíche 'maidhc oscailte' á reáchtáil do mhuintir Ghaeltacht na Gaillimhe! Beidh sé ar siúl ar an Aoine 3ú Iúil @ 8 i.n. Craolfar an oíche ar líne, beo, ar YouTube. Más ceoltóir, amhránaí, file, scéalaí, fuirseoir nó taibheoir thú, déan teagmháil le Katie ag 083 010 6294 le bheith páirteach ann. Beidh an nasc ar fáil ar líne, níos gaire don am.

'NÓINÍN' - LEABHAR NA BLIANA

Bhuaigh Máire Zepf gradam *Leabhar na Bliana, Leabhair Pháistí Éireann 2020* le déanaí, leis an úrscéal álainn *Nóinín*, a d'fhoilsigh Cois Life.

Tá trí chóip le bronnadh ag Tuairisc.ie, i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht. Tuilleadh eolais: @Tuairisc.ie (FB)



SEISIÚIN CEOIL

Bíonn Seisiún Ceoil Tigh Pheadair Mhóir ar siúl, ar líne, chuile sheachtain. Cuirtear fáilte roimh chách le taitneamh a bhaint as an gceol agus as an gcomhlúadar. Tosaíonn an seisiún ag 21:30 chuile Déardaoin. Tuilleadh eolais le fáil ar Facebook.

CAIFÉ 'S COMHRÁ

Tagann ciorcal comhrá *Caifé 's Comhrá* le chéile chuile sheachtain, ar *Zúm*. Deis iontach dóibh siúd ar mhian leo Gaeilge a chleachtadh agus a fheabhsú ar bhealach neamhfhoirmeálta. Tá míle fáilte roimh chách, níl le déanamh ach teagmháil a dhéanamh le Katie, ag 083 010 6294 le bheith páirteach ann.

FOLÚNTAIS: ROS NA RÚN

Tá criú á lorg ag *Ros na Rún* do shraith 25, a bheidh á léiriú sa bhFómhar. Tá deiseanna ar fáil i réimsí éagsúla, léiriúchán, smideadh, dearadh, ceamaraí agus eagarthóireacht san áireamh. Má tá suim agat ann, ní mór CV, mar aon le litir iarratais a sheoladh chuig leiriuchain@rosnarun.com roimh an Aoine 29ú Bealtaine 2020.

CEOLTÓIRÍ ÓGA CHOIS FHARRAIGE

Beidh Ceoltóirí Óga Chois Fharraige ag teacht le chéile, go fíorúil, go luath le físeán de cheol an chumadóra áitúla Charlie Lennon a thaifeadh. Tá an grúpa ag obair ar an togra le airgead a bhailiú don bhfeachtas *Le Chéile do Mollí*. Beidh nasc chuig suíomh 'gofundme' *Le Chéile do Mollí* ar fáil, le síntiús a thabhairt. Beidh sé á léiriú ar na meáin shóisialta. Eolas le fáil ar FB.



GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MBAILE AR LEIC AN TEALLAIGH...



Cúla 4 ar Scoil: Luan go hAoine @ 10r.n. Tuilleadh eolais ar fáil ar líne (www.cula4.com), nó glaoigh ar 091 505 050

Biongó ar *Zúm* le **Glór na nGael** chuile Luan agus Céadaoin @ 7i.n. (Facebook)

Gníomhaíochtaí agus comórtais don chlann uilig ar fáil ó Thuismitheoirí na Gaeltachta. Facebook: **Tuismitheoirí na Gaeltachta**

Má tá eolas agat ar ghníomhaíochtaí nó acmhainní ar mhian leat iad a fhógairt anseo, déan teagmháil le Katie ar 083 010 6294 nó is féidir r-phost a sheoladh chuici: optchoisfharraige@gmail.com

Ranganna Aclaíochta Fíorúla 30 nóiméad @ €4 an rang; **Cleachtadh Cuarda:** Dé Luain @ 8i.n.

Pilates: Dé Céadaoin @ 8i.n. Glaoigh ar Christine Cox: 087 121 0277

Má tá **cluichí** agus **acmhainní don chlann** uait, tá a leithéad ar fáil ó **Ghlór na nGael** agus **Oige na Gaeltachta Muintearas Teo**, ar Facebook.

Tá **Cló Iar-Chonnacht** ag cur ríomhleabhar amháin ar fáil saor in aisce chuile sheachtain agus lascaine ar gach ríomhleabhar eile.

Ranganna Íoga, Aireachais & Corp Oideachais ar fáil ó **Oga Yoga**. (YouTube & Facebook)



SEIRBHÍSÍ EAGLASTA

Bíonn aifreann á chraoladh ar líne i séipéil Chois Fharraige le linn na géarchéime seo.

Na Forbacha

091 590 956

Luan - hAoine
9:30r.n.

Dé Sathairn: 6:30i.n.

Domhnach:
Meánlae

Paróiste an Spidéil

091 553 155

Luan - hAoine
10:00r.n.

Dé Sathairn: 6:00i.n.

Domhnach:
11:00r.n.

Paróiste an Chnoic

091 593 122

Máirt - Déardaoin
An Paidrín Páirteach
12:00r.n.

Dé Sathairn: 7:30i.n.

Domhnach: 11:00r.n.